# Ag baint ceoil as an saol

*Labhair Cáit Ní Bhriain leis an iris "Beo!" faoin samhradh a chaith sí i mbun oibre deonaí ar an mór-roinn*

Tá an samhradh ag druidim chun deiridh agus tá sé beagnach in am dom filleadh ar an mbaile. Táim tar éis tréimhse iontach a chaitheamh anseo sa Fhrainc ag obair mar chúntóir i gcampa samhraidh do leanaí breoite. Nuair a tháinig mé anseo ar dtús i mí Iúil ní raibh a fhios agam ó thalamh an domhain cad a bheadh romham. Ba í an comhairleoir gairmthreorach a spreag mé chun cur isteach ar a leithéid d’obair. Bhí plé sa rang ar Bhliain Eorpach na hOibre Deonaí agus a thábhachtaí atá an obair a dhéanann oibrithe deonacha. Mhínigh sí dúinn go mbíonn obair dheonach ar siúl ag thart ar 23 % de mhuintir na hEorpa, agus go dtéann a leithéid d’obair go mór chun tairbhe, ní hamháin don tsochaí i gcoitinne, ach don oibrí féin.

Mheas mé gur dheas an rud é tréimhse a chaitheamh ag obair le heagraíocht dheonach tar éis na hArdteiste. Tá sé i gceist agam staidéar a dhéanamh ar an bhFraincis ar an ollscoil an bhliain seo chugainn agus mar gur cheap mé go mbeadh sé chomh maith agam féachaint le tuilleadh líofachta a bhaint amach sa Fhraincis fad is a bheinn ag obair, chuaigh mé i dteagmháil le roinnt eagraíochtaí deonacha sa Fhrainc. Ba é mo lá fómhair é nuair a fuair mé tairiscint bheith i mo chúntóir ceoil i gcampa samhraidh i dtuaisceart na Fraince.

Áit is ea an campa do leanaí ó ar fud na hEorpa a bhfuil tinneas ainsealach orthu. Tagann siad le chéile anseo chun coicís a chaitheamh i mbun spóirt agus spraoi. Bíonn rogha mhór gníomhaíochtaí ar fáil dóibh. Ós rud é go bhfuil ceol agam – seinnim an giotár agus bím ag canadh – iarradh orm ranganna ceoil a eagrú do na leanaí. Ba mhór an spórt a bhí againn ag amhránaíocht agus ag déanaimh ceoil le chéile. Gach coicís, bhíodh ceolchoirm ann do lucht an champa ar fad, idir chúntóirí agus leanaí. Chuir cumas agus díograis na leanaí gliondar ar mo chroí.

Chuaigh sé go mór i bhfeidhm orm a chróga agus a ghealgháirí a bhí na leanaí go léir. In ainneoin drochthinneas a bheith orthu, b’annamh a chloistí ag gearán iad; daoine láidre a bhfuil meon dearfach acu is ea iad. D’fhoghlaim mé go leor ó bheith ina gcomhluadar. Is fearr a thuigim anois chomh luachmhar is atá an tsláinte agus is mó mo thuiscint ar dheacrachtaí na ndaoine sin a bhfuil tinneas ainsealach orthu. Mholfainn do gach duine tamall a chaitheamh i mbun oibre deonaí. Tá rún agam leanúint den obair dheonach agus mé ar ais in Éirinn... agus b'fhéidir go léifeadh sibh faoi sin san iris seo amach anseo!